

DUBLIN
WINTER LIGHTS

OICHE DHRAÍOCHTÚIL RUA



SOILSE AN GHEIMHRIDH BAILE ÁTHA CLIATH



SCRÍOFA AG
STEPHEN MACDEVITT

MAISITHE AG
ALAN DUNNE

Á chur chun cinn ag

 Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

Is taispeántas solas bliantúil Chomhairle Cathrach Baile Átha Cliath é Soilse Gheimhridh Baile Átha Cliath a leanann ó lár mí na Samhna go deireadh mí na Nollag. Tar le Rua agus i ag iarraidh dul abhaile agus ag bualadh le carachtair saoihiúil ar an mbealach. Tógann a h-aistear chuig láithreacha na conaire Soilse Gheimhridh Baile Átha Cliath, gach stop ag suíomh sa chathair le saothar ealaíne coimisiúnaithe ó ealaíontóirí áitiúla.

Cóipcheart cló ag Stephen McDevitt 2022

Cóipcheart Learáidí ag Alan Dunne 2022

Cruthaithe ag Eventco agus Lightscape ar son Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Gach ceart ar cosaint. Níl aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm nó trí mhodh ar bith, leictreonach nó meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh nó trí aon fhaisnéis agus córas aisghabhála stórála, gan a bheith scríofa roimh ré toiliú ón bhfoilsitheoir.

Is céadchló é seo.

Foilsithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

ISBN 978-1-3999-4026-9

Curtha i gcló in Éirinn



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



DUBLIN
WINTER LIGHTS

OÍCHE DHRAÍOCHTÚIL RUA

le

SOILSE AN GHEIMHRIDH BAILE ÁTHA CLIATH

Ar oíche fhuar gheimhridh i gcathair Bláth Cliath
Bhí iora darb ainm Rua ag spraoi ach ar iarraidh





Ag cuardach a crann agus buaircín deas,
Faoi uisce, ar thalamh, Ó thuaidh, Ó Theas

AN LIOMSA AN CRANN SEO,
AG LONRÚ LE TORTHAÍ??

NÍ LEATSA, Arsa an Phatraisc,

NACH N-AITHNÍONN
TÚ PIORRAÍ?

AN CRANN IS SINE IN ÉIRINN
LE TORTHAÍ FÓS AR GHÉAG,
CRANN AOSTA, GALÁNTA,
Ó CHORÓIN GO FRÉAMH



Ag preabadh 's ag damhsa nuair a chaith sí súil,
Ar pháirc gleoite nua le soilse dhathúil,
Ansin chuala sí an raic, an bhéicil ós airde,
Faoileán ag scréach, ag lorg cairde,

NÍ DROCH-ÉAN MISE,
TÁIM CAIRDIÚIL IS CRÓGA
ACH THIT MÉ I NGRÁ
LE BLAS NA SCEALLÓGA

LE SALANN AGUS FÍNÉAGAR, NÓ LE CITSEAP
CAITHFEAR BHEITH AR D'AIRE
NÓ BEIDH SIAD SIAR I MO GHOB.



I bpáirc lán le crann, ach
uaigneach 's tuirseach

GAN TRÁCHT AR
MO CHEANNSA, MO
FHUINSEOG, MO THEACH!

NÁ BÍ BUARThA RUA BHEAG,
ACH TÓGFAIDH SÉ TAMALL
LÉIM SUAS AR MO CHÓISTE,

Arsa a cara nua, an capall.

BHÍ MARGADH ANSEO TRÁTH
BAILE DOMSA 'S MO MHUINTIR
NÁR RUGADH ANSEO MÉ,
BHUEL IDIR SEO 'S AN LIFE

'NOIS CUIRIM FÁILTE ROMHAT,
TURASÓIR NÓ Ó DHÚCHAS
THAR NA CLOCHA DHUIRLINGE
IN AICE AN LUAS





TAR LIOM ANOIS,
MO CHARA CLÚMHACH, CNEASTA,
AN TSRÁID IS GIORRA SAN ARDCHATHAIR,
COMAIR, COSÚIL LEATSA.



CÉ GUR PÁLÁS ATÁ ANN,
NÍL BANRÍON NÓ RÍ
ACH CAISLEÁIN IS CAT
LENA CHUID TUAIRIMÍ

Ag spaisteoireacht, ag fánaíocht,
Thar Abhainn na Life, ag sruthú,
Tuar ceatha draíochtúil, ag soilsiú ar chách,



Ach ar chrann Rua bheag, fós ní raibh trácht

Fan.... Féach seo...Feicim...
Crann Nollaig Ollmhór!
Le bronntanais agus maisithe don fhéile...

MUÚÚÚ.SCAIL
TÚ SCAIL

Tarraing
tú féin le
chéile!

ADÚIRT AN BHÓ, AGUS Í LÁN LE FEARG,
LE CLOIGÍN UIRTHI... AGUS GÚNA DEARG!



Ag dreapadh an spuaic
Le bheith níos airde
Dhúisigh an colúr
Agus bhí sé ar mire!



‘IMIGH LEAT, TITFIMID’
LE PLEIST AR AN TALAMH,
NÍL FÁILTE ROIMH CHUAI RTEOIRÍ
ANSEO ACH ANNAMH

Mar sin gan aon rírá
Nó fiú ruaille buaille
Thuirling Rua den spuaic
Ar a heireaball, mór clúmhach

LÉIM AR MO BHÁD FADA,

a Rua,
a chara!
Tar anseo agus inseoidh mé scéal...




Ó BHUAMAR CATH
CLUAIN TARBH,
IS MISE RÍ
NA MARA,

AGUS TÁ
TEACHTAIREACHT
AGAM DUIT SA
BHUIDÉAL....

Ag Teach an Chustaim
Bhí luch gléasta go cruinn
Ag déanamh taifid ar gach
rud a bhfuil



TÁIMID LÁN Ó BHÉAL GO BARRAICÍNÍ
IDIR SLOGÁIN RUACAIN AGUS DIÚILICÍNÍ
ACH CRAINN?
TÉIGH AGUS FÉACH SA CHOILL!



Ag Duga Sheirse a raibh
Bradán cliste le leabhar

Arsa Bradán Feasa, TAR TRASNA,

AGUS GHEOBHAIDH
TÚ CABHAIR



MÍLE BUÍOCHAS A BHRADÁN
TÁIM IMITHE AR SEACHRÁN
AG CUARDACH MO CHRANN
Ó THOSAIGH AN DÁN!




Arsa an Sionnach leis na héisc

AGUS SIBH AG SNÁMH AG LORG PÉIST
AON SEANS GO BHFACA SIBH CHRANN RUA?



DIVING BELL

Arsa an t-iasc leis an sionnach




GEALLAIM AR MO GHAINNÍ
GLIOSCARNACH
NACH BHFUIL CRANN IDIR
SEO AGUS AN POLL THUaidH.



Ag Coláiste na Tríonóide, fós ar fán,
Bhuail Rua leis an ollamh, an t-ulchabhán


TÁ COL CEATHAR AGAM, A
BHUAIGH GRADAM,
AGUS TÁ SÍ BEAGÁINÍN CÁILIÚIL




AR AN LATE LATE ATÁ SÍ, AR AN TOY SHOW
LEIS NA PÁISTÍ
CLOISFIDH TÚ AN TWIT-TWIT-TE-ROO.

Ag Teach an Ardmhéara galánta,
Chonaic Rua an fia láithreach
Fia fiáin? Iora rua Rua?
Bhuel bhíodar beirt sna trithí
ag gáire!

'CEARNÓG MHIRFEAN!!!!' ARSA AN MÉARA
AG SCREADACH Ó NA FUINNEOGA
'AIMSEOIDH TÚ DO THEACH ANSIN
TÁIM CINNTE, I MEASC NA FUINSEOGA!'





'OH, CÁ BHFUIL MO CHRANN,
TÁ NA MÍLTE ANN...'

Arsa Rua lena croí
beag ag preabadh

SIN É!! TÁIM SLÁN
LE MO STÓR MÓR DEARCÁIN
TÁIM AG SÚIL GO MÓR LE MO LEABA

Ar mo sháimhín só, ar ais i mo chrann,
Eachtra den chéad scoth, dochreidte, fiáin.

AN OIREAD SIN CAIRDE NUA DÉANTA INNIU
IAD, CINEÁLTA AGUS STUAMA AGUS LÁN LE SPRAOI
AGUS NÍ FHACA MÉ RIAMH SOILSÍ CHOMH GEAL,
CHOMH LONRACH, LE SOILSÍ BAILE ÁTHA CLIATH





Slán abhaile a chairde, go dtéigi slán,
Beannachtaí, Ádh Mór
AGUS Ná caill do Chrann!

**Tar le Rua ar thuras draíochtúil trí Chathair
Bhaile Átha Cliath lena Soilse Geimhridh ar
a heachtra le fillleadh abhaile.**



Á chur chun cinn ag



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

ISBN 978-1-3999-4026-9



9 781399 940269 >